DUNLUCE CASTLE

Irish Translation

An láithreán

Tá iarsmaí drámatúla Chaisleán Dhún Libhse ar charraig dhubh basaltach, 30m ar airde, ag gobhadh amach ó chósta Aontroma Thuaidh, 5 ciliméadar thoir ó Phort Ruis agus 3.5 ciliméadar thiar ó Mhuileann na Buaise. Inniu tá na h-iarsmaí gan díon ina n-ábhar iontais, go háirithe má bhreathnaítear orthu sa chlapsholas ó Mhuileann na Baoise, nó nuair atá an ghrian ag taitneamh orthu, le haillte bána cailceacha agus bá gaineamhach Phort Ruis le feiceáil chomh maith . Is cosúil go ndeachaigh a neart mar dhaingean nach bhféadfaí a threascairt roimh phúdar gunna i gcionn ar éinne a chonaic é nuair a tógadh den chéad uair é. Bhí uaimh fharraige faoin chaisleán a bhí in ann mórán bád a fholú, le go bhféadfaí éalú go Reachlainn nó go hAlbain, tír dhúchais Chlann Mhic Dhónaill.

Turas ar an chaisleán

Siúil trí Cúirt na Mórthíre agus seas ag an Droichead. Ní basalt crua colúnach cosúil le Clochán an Aifir an aill (1), ar airde 30m, a bhfuil an caisleán tógtha uirthi, ach tá sí déanta as cloch níos boige le bolláin chruinne, a bhfuil sé de nós aici creimeadh. Tá roinnt de bhallaí an chaisleáin leacaithe leis an gcarraig, mar sin bí cúramach!

Is é an t-aon bhealach le teacht ar an gcarraig ná dul thar an Droichead (2), nach bhfuil ann ach nasc déanta go nádurtha as an gcarraig, ar cuireadh áirse chloiche faoi níos déanaí. Nuair a tógadh an caisleán sna meánaoiseanna, níor fhéad arm ar bith greim a bhreith ar an chaisleán, is cuma cé mhéad fear a bhí aige. Is iad an balla seachtrach agus dhá thúr chruinne (4) agus (5) na codanna is sine de chosaintí an chaisleáin. Loit gunnaí móra an teach geata bunaidh sa bhliain 1584 agus tógadh an Teach Geata (3) ar an nós Albanach go luath ina dhiaidh sin. Úsáideadh an dá bhearna sa seanbhalla ar an taobh thoir den Teach Geata le haghaidh gunnaí móra, a fuarthas ón long briste Girona de chuid Armáid na Spáinne.

Is cosúil nach raibh na foirgnimh níos luaithe laistigh den chaisleán chomh mór leis na cinn atá ann faoi láthair. Ar tús ba chuid de struchtúr (a gcuirtear loggia air) ag breathnú amach ar ghairdín foirmiúil den séú céad déag an ró de cholúin (6) i gcomhthreo leis an mballa ag dul soir ón Teach Geata. Is cosúil go raibh an teach cónaithe níos lú ceangailte leis an Túr ar an taobh thoir thuaidh (5) agus leis na cistiní. Agus an charraig ag creimeadh go leanúnach, bhí sé de chiall ag an dara iarla, Raghnall, a Mhainéar breá (7) a thógáil ar shuíomh níos lárnaí.

Tógadh an Mainéar sna 1630í agus bhí Halla Mór aige le dhá theallach agus trí cinn de fhuinneoga bogha chomh maith le staighre mór adhmaid ag dul chuig seomraí príobháideacha. Ar an taobh ó thuaidh de bhí bialann nua chomh maith le Imlann (8) agus seanchistin le dhá theallach. Folaíonn an túr ar an taobh thoir thuaidh sean-thollán a úsáidtí chun éalú chuig an trá.
Tá seans an gur uaimh thalún é an tollán a gearradh ón gcarraig, agus é 500 bliain níos since ná

an caisleán féin.

Téann oscailt chúng go dtí Cúirt na Cistine (9), cúirt bhreá le cistin agus ceardlanna ar an urlár talún agus cóiríocht os a chionn. Tabhair faoi deara na cosáin ilghnéitheacha anseo agus ina áiteanna eile: méaróig sa chlós, cosán basaltach randamach laistigh de na cistiní agus gaineamhchloch ghearrtha sa Chlós Uachtarach. Bhí an chuid mó díobh seo ann ó thús agus tá fianaise ann go raibh scáileáin adhmaid, draenacha agus sonraí eile ann chomh maith. Meabhraíonn an balla briste ag bun na carriage dúinn a láidre is atá an fharraige, agus í de shíor ag ionsaí bunsraith an chaisleáin agus á lagú.

Fill ar ais trí Chúirt na Cistine, ar an taobh thall den Mhainéar agus den Droichead go dtí Cúirt na Mórthíre. Ar dheis tá Lóistín (10) don líon mór cuairteoirí a tháinig chuig an caisleán sa seachtú céad déag. Ar an taobh thall den Lóistín, amuigh sa pháirc is féidir léinn cruth garbh ghairdín an iarla a fheiceáil (11) agus é leagtha amach i dtrí ardán. Is eol dúinn ó dhoiciméid go raibh faiche bollaí ann.

Ar chlé bhí stáblaí agus iarsmaí de thornóg a úsáideadh chun arbhar a thriomú. Foirgnimh nua is ea iad an seomra closamhairc agus an siopa, agus baineann siad feidhm as an mbunsraith agus úsáideann siad ábhar agus línte dín a thagann leis an seanchaisleán.

Is féidir cosán (12) a leanúint chuig an trá. Moltar duit a bheith an-chúramach agus gan dul isteach san uaimh faoin chaisleán ar eagla go dtitfeadh clocha ort.

Stair

Tógadh an caisleán mar a fheicimid inniu é idir an séú agus an seachtú céad déag. Tá an seans ann gurbh iad Clann Mhic Dhónaill a thóg gach a bhfuil ann inniu, ach is maith linn a cheapadh ar a laghad go raibh na ballaí seachtracha leis an dá thúr chruinne ann in aimsir chlann Mhic Uighilin, a raibh smacht acu ar an mBealach agus ar chósta thuaidh Aontroma ón cheathrú céad déag i leith.
Brainse is ea muintir Mhic Dhónaill de Chlann Mhic Dhónaill san Albain, arbh iad Tiarnaí na nOileán iad, den chuid sin de Albain is gaire do chósta Aontroma. Phós mórán díobh le céilí as clanna tábhachtacha an tuaiscirt: Phós Colla Eibhlín Nic Uighilin, phós Somhairle Buí Máire Ní Néill agus phós Raghnall, an chéad iarla, Éilís Ní Néill. Throid an chlann lena gcomharsana agus ina gcoinne chomh maith agus ba mhinic iad ag troid in aghaidh ionsaithe na Sasanach le linn an séú céad déag. Ba é Somhairle Buí Mac Dónaill an chéad fhear den chlann a mhair ar feadh a shaoil i gcúige Uladh, agus bhí saol fíochmhar foréigneach aige. Ghabh a dheartháir céile Seán Ó Néill é ag cath Ghleann Taise i mBealtaine 1565 agus coinníodh mar phríosúnaí é ar feadh dhá bhliain i ndiaidh do Caisleáin Dhún Sobairce agus Dhún Libhse a bheith gafa. Ag fleá gar do Chois Abhainn Duinne, nuair ba dhócha go ndéanfaí síocháin, d'ionsaigh muintir Mhic Dhónaill a n-óstach, scaoil siad saor Somhairle Buí agus mharaigh siad Seán. I 1584 thóg Sir John Perrot, Fear Ionaid na hÉireann, arm ollmhór leis chuig Caisleán Dhún Libhse. Níorbh é an slua mór a lig dó an caisleán a ghabháil, áfach, ach na trí ghunna mhóra a bhí aige. Sa bhliain thug an Banríon Éilís an caisleán ar ais do Shomhairle Buí agus i 1588 nuair a briseadh an long Girona de chuid Armáid na Spáinne ar na carraigeacha gar don chaisleán, bhí sé in ann, i measc rudaí eile, trí ghunna mhóra a shábháil chun an caisleán a chosaint. Fuair sé bás an bhliain dár gcionn.

Bhí cáil ar Shéamas Mac Dónaill, mac le Somhairle Bhuí, agus bhí cion ag Séamas IV na hAlban air, agus rinne sé ridire de. I ndiaidh ionsaí Perrot d'athchóirigh sé an caisleán san fhaisean Albanach is déanaí, an Teach Geata agus an Gairdín leis an loggia clasaiceach san áireamh. Sa bhliain 1597 throid Sir James i gcoinne Sir John Chicester, Gobharnóir Charraig Fhearghasa, agus mharaigh é, ach fuair sé bás i 1601 ó nimh, agus seans gur díoltas a bhí ann mar gheall ar bhás

Chicester.

Nuair a d'eirigh Seamas IV na hAlban ina rí Shasana, mar Shéamas I, thiontaigh Clann Mhic Dónaill ina ngaolta dílse. Tugadh na Gleanna iomlána dóibh chomh maith leis an mBealach, is é sin le rá cósta Aontroma ó Abhann na Banna go dtí Latharna. Ceapadh Sir Raghnall mar Iarla Aontroma i 1620 mar aitheantas ar an meas a bhí ag an rí air. Cuireadh de dhualgas air caisleán a thógáil i ngach barúntacht dá chuid, ach is beag a rinne sé i gCaisleán Dhún Libhse, cé gur bhunaigh sé baile beag nua timpeall an chaisleáin.

Sa bhliain 1635 phós mac an chéad iarla, arbh é Raghnall a ainm freisin, Catherine Manners, baintreach Diúic Buckingham, bean a bhí cleachta le rachmas agus saol sóisialta galánta Londain. Thóg sé na Mainéar nua di idir 1636 agus 1638, chomh maith leis an réimse cistiní agus cóiríochta a bhí oiriúnach don siamsaíocht fhlaithiúil i nDún Libhse.

B'fhuath leis an mBandiúc fuaim na farraige agus ba chosúil go raibh an ceart aici nuair a thit cistin isteach san fharraige oíche amháin i 1639 le linn an dinnéir. Trí bliana ina dhiaidh sin, mar thoradh ar dhinnéar míshásúil eile, ghabh an Gineárál Munro, gobharnóir Charraig Fhearghasa, a óstach. Shábháil Catherine a sealúchas ó chaisleán Dhún Libhse agus ón teach nua i ngar dó agus chuir ar long go dtí Chester é, áit ar stóráladh é go dtí 1651 nuair a rug gníomhairí Cromwell greim air agus rinne é a dhíol. Insíonn fardal a rinneadh ar 9 Márta 1645 den sealúchas seo dúinn a shaibhre is a bhí a dteaghlach, lena gcuid tapéisí, cairpéid Pheirsiacha, cláirseach Éireannach, cuirtíní damascacha, dosaein cathaoireacha, a bhformhór díobh cumhdaithe le síoda, síoda damascach, veilbhit agus sról. Ba é an dath dearg an dath is mó a thaitin leo, agus tagraítear freisin do éadaí gorma agus uaine. Chaith Raghnall blianta Cromwell mar dheoraí, agus tháinig sé ar ais i ndiaidh an Athbhunaithe i 1660. Níorbh é Caisleán Dhún Libhse an teach is mó a raibh muintir Mhic Dhónaill tugtha dó níos mó, agus d'aistrigh siad chuig Teach Bhaile Mo Gharraí ar dtús agus ansin chuig Caisleán Ghleann Arma.

Áiteanna eile arbh fhiú cuairt a thabhairt orthu

Rinne Clann Mhic Dónaill an sean-seipéal i nDún Libhse freisin, ciliméadar amháin ar an taobh ó dheas den chaisleán, a thógáil don bhaile plandála sa seachtú céad déag, chomh maith le Caisleán Cheann Bán, áit chónaithe Cholla Mac Dónaill (deartháir mór Shomhairle Bhuí), 4 ciliméadar thiar ó Bhaile an Chaisleáin. Chónaigh Somhairle Buí i mBaile an Chaisleáin agus cuireadh i Mainistir Bhun na Mairge é. Tá baill eile de mhuintir Mhic Dhónaill curtha in aice le h-eaglais Chois Abhainn Dalla. Cónaíonn Iarla Aontroma fós i gCaisleán Ghleann Arma, cúirt na clainne in ionad Chaisleán Dhún Libhse. Cosnaíonn a Theach Geata maorga teach cónaithe príobháideach. Coinníodh Raghnall Mac Dónaill mar phríosúnaí i gCaisleán Charraig Fhearghasa, áit chónaithe Iarlaí Uladh, ach d'éalaigh sé uaidh dhá uair!